


# Ceanglais Creidiúnaithe do Chomhlachtaí Monatóireachta Cód Iompair

Eanáir 2020



## Clár

<b>Réamhrá .....</b>	<b>2</b>
An Cuspóir atá le Cóid Iompair.....	2
An Gá atá le Comhlacht Monatóireachta.....	3
Mar is Féidir na Ceanglais seo a Léirmhíniú agus a Chur i bhFeidhm.....	4
<b>Ceanglais Creidiúnaithe.....</b>	<b>6</b>
1. Neamhspleáchas.....	6
1.1 Struchtúr, Cumhachtaí, agus Feidhmeanna.....	6
1.2 Buiséad agus Acmhainní.....	7
2. Coinbhleachtaí Leasa.....	10
3. Saineolas.....	12
4. Nósanna Imeachta agus Struchtúir Bhunaithe.....	14
5. Nós Imeachta Monatóireachta Trédhearcach .....	16
5.1 Monatóireacht a dhéanamh ar Chomhaltaí Cóid agus Gearáin ina leith .....	16
5.2 Gearáin maidir leis an gComhlacht Monatóireachta .....	17
6. Cumarsáid leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí .....	18
7. Meicníochtaí Athbhreithnithe.....	20
8. Stádas Díl.....	22

## Réamhrá

Leagtar amach sa doiciméad seo na ceanglais don Choimisiún um Chosaint Sonraí in Éirinn (DPC) chun comhlachtaí monatóireachta Cód Iompair ('Cóid') a chreidiúnú i gcomhréir le hAirteagail 40 agus 41 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR). Ba chóir na ceanglais sin a léamh in éineacht leis na treoirlínte a d'fhoilsigh An Bord Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPB) maidir le Cód Iompair agus Comhlachtaí Monatóireachta ('Treoirlínte EDPB'),<sup>1</sup> agus aon Tuairimí ábhartha ón EDPB de bhun na nAirteagal 41(3) agus 64(1)(c) GDPR.

## An Cuspóir atá le Cód Iompraíochta

Faoin GDPR, tugtar spreagadh sainráite do ghníomhaíochtaí deonacha i ndáil le comhlíonadh, lena n-áirítear Cód a leagan amach a bhfuil sé mar aidhm leo cuidiú le GDPR a chur i bhfeidhm mar is ceart, agus na gnéithe ar leith a bhaineann leis na hearnálacha próiseála éagsúla agus na ceanglais ar leith atá ag micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide á dtabhairt san áireamh (Airteagal 40(1) GDPR). Dréachtaíodh na ceanglais seo leis an aidhm chun oibriú le cineálacha éagsúla cód a bhaineann le hearnálacha de mhéideanna éagsúla agus ina gclúdaítear gníomhaíochtaí próiseála a mbaineann leibhéil riosca éagsúla leo.

Bíonn Cód ina n-uirlisí cuntasachta atá úsáideach agus éifeachtach ina gcuirtear cur síos mionsonraithe ar fáil maidir le sraith iompraíochtaí atá oiriúnach, dlíthiúil agus eiticíúil i ndáil le hearnáil nó gníomhaíocht phróiseála ar leith. Mar sin, ó thaobh na cosanta sonraí de, is féidir le cód feidhmiú mar leabhar rialacha do rialaitheoirí agus próiseálaithe a dhéanann gníomhaíochtaí próiseála comhlíontacha GDPR a leagan amach agus a chur i bhfeidhm ina dtugtar brí oibríochtúil do phrionsabail na cosanta sonraí a leagtar amach sa GDPR.

Is féidir le cumainn trádála nó comhlachtaí a dhéanann ionadaíocht ar earnáil cóid a chruthú chun cuidiú lena n-earnáil GDPR a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtúil agus ar bhealach a d'fhéadfadh a bheith éifeachtach ó thaobh costas de. Mar a chuirtear ar fáil sa liosta neamhchuisitheach in Airteagal 40(2) GDPR, d'fhéadfadh Cód topaicí a chlúdach ar nós (ach gan a bheith teoranta dóibh): próiseáil chothrom agus thrédhearcach; leasanna dlisteanacha atá á saothrú ag rialaitheoirí i gcomhthéacsanna sonracha; sonraí pearsanta a bhailiú; ainm bréige a chur i bhfeidhm ar shonraí pearsanta; an fhaisnéis a chuirtear ar fáil do dhaoine aonair agus cearta daoine aonair a chur i bhfeidhm; an fhaisnéis a chuirtear ar fáil do leanaí agus leanaí a chosaint (lena n-áirítear meicníochtaí chun cead tuismitheoirí a fháil); bearta teicniúla agus eagrúcháin, lena n-áirítear cosaint sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú agus bearta slándála; fógraí

---

<sup>1</sup> EDPB, 'Treoirlínte 1/2019 maidir le Cód Iompair agus Comhlachtaí Monatóireachta faoi Rialachán 2016/679 – leagan a glacadh i ndiaidh comhairliúchán poiblí', atá ar fáil ag [https://edpb.europa.eu/our-work-tools/our-documents/wytyczne/guidelines-12019-codes-conduct-and-monitoring-bodies-under\\_en](https://edpb.europa.eu/our-work-tools/our-documents/wytyczne/guidelines-12019-codes-conduct-and-monitoring-bodies-under_en)

maidir le sárú; aistrithe sonraí lasmuigh den AE; nó nósanna imeachta um réiteach díospóide.

Ní mór go mbainfeadh Cód riachtanas áirithe amach in earnáil nó gníomhaíocht phróiseála, éascaíocht a dhéanamh ar GDPR a chur i bhfeidhm, cur i bhfeidhm GDPR a shainiú, coimircí leordhóthanacha a chur ar fáil d'ábhair sonraí, agus meicníochtaí éifeachtacha a chur ar fáil chun monatóireacht a dhéanamh ar chód a chomhlíonadh. Tá sé an-tábhachtach comhlacht monatóireacht Cód a bheith ann d'fhonn an ceanglas a bhaint amach i ndáil le monatóireacht éifeachtach a dhéanamh ar Chód a chomhlíonadh.

## **An Gá atá le Comhlacht Monatóireachta**

Ceanglófar ar gach Cód a chlúdaíonn údaráis nó comhlachtaí neamhphoiblí comhlacht monatóireachta a bheith acu ag a mbeidh leibhéal cuí saineolais i ndáil le hábhar an Chóid agus a bheidh creidiúnaithe chun na críche sin ag údarás inniúil maoirseachta (an DPC i gcás na hÉireann).

Ní féidir creidiúnú a bhronnadh ach amháin i gcás ina bhfuil an DPC sásta go mbaineann an comhlacht monatóireachta molta na ceanglais amach in Airteagal 41 GDPR chun monatóireacht a chur i gcrích maidir leis an gCód molta a chomhlíonadh.

Leagtar amach creat leathan i dtreoirlínte GDPR agus EDPB maidir le cineál agus struchtúr comhlacht monatóireachta agus tá sé i gceist leis cineál agus comhthéacs an Chóid féin a chur san áireamh agus trí sin, solúbthacht agus inoibritheacht a bheith ag réimse éagsúil earnálacha agus oibríochtaí próiseála.

Is féidir le cumainn agus comhlachtaí eile a dhéanann ionadaíocht ar chatagóirí rialaitheoirí nó próiseálaithe a ullmhaíonn Cóid ('úinéirí Cóid'), moltaí a chur ar aghaidh dá gcomhlacht monatóireachta Cód, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa doiciméad seo, Treoirlínte ADPB, agus Airteagal 41(2) GDPR. Go hachomair, ní mór do chomhlachtaí monatóireachta Cód an méid seo a leanas a bhaint amach chun creidiúnú a fháil:

- A neamhspleáchas agus saineolas a léiriú i ndáil le hábhar an Chóid (Airteagal 41(2)(a) GDPR);
- A léiriú go bhfuil nósanna imeachta bunaithe acu trínar féidir leo cáilitheacht rialaitheoirí agus próiseálaithe a bhfuil baint acu leis an gCód a chur i bhfeidhm a mheas, monatóireacht a dhéanamh ar na forálacha a chomhlíonadh, agus athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar a fheidhmiú (Airteagal 41(2)(b) GDPR);
- A léiriú go bhfuil nósanna imeachta agus struchtúir bunaithe acu chun déileáil le gearáin maidir le sárú sa Chód nó maidir leis an mbealach inar chuir nó ina gcuireann próiseálaí an Cód i bhfeidhm, agus na nósanna imeachta agus struchtúir sin a dhéanamh trédhearcach d'ábhair sonraí agus don phobal (Airteagal 41(2)(c) GDPR);

- A léiriú chun sástacht an DPC nach bhfuil aon choinbhleacht leasa i gceist mar thoradh ar chúraimí agus dualgais an chomhlacht monatóireachta Cód (Airteagal 41(2)(d) GDPR).

## Mar is féidir na Ceanglais seo a Léirmhíniú agus a Chur i bhFeidhm

Iarrann an DPC ar úinéirí Cód na ceanglais a leagtar amach thíos a bhreithniú go cúramach agus a chinntiú go dtabharfar léiriú le haon Chóid a chuirtear isteach chuig an DPC faoi mar a bhaineann an comhlacht monatóireachta Cód don Chód sin gach aon cheann de na ceanglais amach. Ar mhaithe le soiléire agus éifeachtúlacht, ba chóir d'úinéirí Cód an fhaisnéis sin a chur isteach ag cloí leis na ceannteidil agus uimhriú alt a leagtar amach sa mhír '[Ceanglais Creidiúnaithe](#)' den doiciméad seo, agus léiriú a thabhairt ar mar a bhaintear amach gach aon cheann de na ceanglais uimhrithe, in éineacht le haon doiciméid tacaíochta.

Ba chóir aighneachtaí a dhéanamh i mBéarla nó i nGaeilge.

Tugtar míniú sna boscaí thíos ar mar ba chóir ciall na nótaí mínithe agus samplaí atá le fáil ar fud an doiciméid seo a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm agus aighneacht á hullmhú don DPC.

### Nóta Mínithe

Leagtar amach nótaí mínithe amhail an chinn seo ag tús gach ceann de na ceanglais ardleibhéil d'fhonn cúlra nó míniú a chur ar fáil ar an méid atá ag teastáil chun na focheanglais uimhrithe a shásamh agus/nó an fáth a bhfuil sé ag teastáil. Níor chóir aon chuid de na nótaí mínithe a léamh mar bhreisiú i ndáil leis na ceanglais fhoirmiúla nach bhfuil leagtha amach i dtéacs na gceanglas uimhrithe féin, ní chuirtear iad ar fáil ach amháin chun comhthéacs agus míniú a chur ar fáil.

**SAMPLAÍ:** Leagtar amach samplaí amhail an chinn seo thíos faoi cheanglais áirithe chun liosta samplach neamhchuisitheach a chur ar fáil ar na cineálacha faisnéise nó doiciméid a d'fhéadfaí a chur ar fáil lena léiriú go bhfuil na ceanglais a leagtar amach sa doiciméad seo á gcomhlíonadh. Níl iontu seo ach samplaí, ní bhíonn siad ag teastáil i ngach cás, agus níor chóir iad a léamh mar bhreisiú i ndáil le haon cheanglais fhoirmiúla nach bhfuil leagtha amach i dtéacs na gceanglas uimhrithe féin.

- Ní bheidh gach sampla ina shampla infheidhme do na Cód ar fad (ar léiriú é ar an réimse éagsúil Cód agus comhlachtaí monatóireachta a d'fhéadfadh bheith ann).
- D'fhéadfadh cineálacha faisnéise nó doiciméad nach luaitear sna samplaí seo a bheith oiriúnach nó riachtanach freisin, ag brath ar an gcomhthéacs.

Má mholtar comhlacht monatóireachta nua nó breise a thabhairt isteach do Chód, beidh sé riachtanach an comhlacht nua a mholtar a mheas i gcomhréir leis na critéir creidiúnaithe atá sa doiciméad seo.

## Ceanglais Creidiúnaithe

Is iad seo a leanas na ceanglais nach mór do na comhlachtaí monatóireachta a mholtar i ndáil le Cód ar bith a bhaint amach d'fhonn creidiúnú a fháil. Ní mór do na húinéirí Cód a dhéanann aighneacht chuig an DPC a léiriú go sásúil go mbaintear amach gach aon cheann de na ceanglais sin ionas gur féidir leis an gcomhlacht monatóireachta creidiúnú a fháil.

Ba cheart a thuiscint go mbaineann na ceanglais a liostaítear thíos le gach cineál comhlacht monatóireachta, seachtrach agus inmheánach araon, mura gcuirtear a mhalairt in iúl.

### 1. Neamhspleáchas

#### Nóta Míithe

Éilítear faoi Airteagal 41(2)(a) GDPR nach mór do chomhlacht monatóireachta 'a neamhspleáchas agus saineolas a chur in iúl chun sástachta an údaráis inniúil mhairseachta i ndáil le hábhar an chóid'.

Leagtar amach sna ceanglais atá leagtha amach thíos an méid nach mór a chur in iúl chun an DPC a shásamh go bhfuil an neamhspleáchas ag an gcomhlacht monatóireachta atá ag teastáil d'fhonn a ról monatóireachta a chur i gcrích, faoi na fo-cheannteidil 'Struchtúr, Cumhachtaí, agus Feidhmeanna' mar aon le 'Buiséad agus Acmhainní'.

Ba chóir go mbeadh struchtúr oiriúnach ag comhlacht monatóireachta mar aon le rialacha agus nósanna imeachta lena chinntiú gur féidir leis an cúram monatóireachta a chur i gcrích go neamhchlaonta agus gan tionchar ó chomhaltaí an Chóid agus/nó ó úinéir an Chóid, agus gan tionchar ón earnáil, gairm, nó tionscal ina mbeidh feidhm ag an gCód. Airítear leis sin bheith in ann a léiriú go gcoinneoidh siad acmhainní leordhóthanacha chun feidhmiú an Chóid a chinntiú le himeacht ama.

D'fhéadfadh comhlacht monatóireachta a bheith *inmheánach* nó *seachtrach* maidir le húinéir an Chóid a luaithe ar féidir a léiriú go bhfuil a struchtúr agus nósanna imeachta leordhóthanach chun a neamhspleáchas a léiriú. D'fhéadfaí a áireamh le samplaí de chomhlachtaí monatóireachta inmheánacha coiste inmheánach *ad hoc* nó rannóg neamhspleách ar leith laistigh d'úinéir an Chóid. Is ar na húinéirí cóid a bheidh sé míniú a thabhairt ar an gcur chuige i leith bainistíocht riosca maidir lena neamhchlaontacht agus neamhspleáchas. Beidh ar chomhlachtaí monatóireachta go háirithe fianaise a chur ar fáil nach gcuirtear as dá neamhspleáchas nó neamhchlaontacht mar gheall ar thionchar nó brú míchuí ar bith ó chomhaltaí an Chóid agus/nó úinéir an Chóid.

### **Ceanglais:**

#### **1.1 Struchtúr, Cumhachtaí, agus Feidhmeanna**

**1.1.1** Beidh an comhlacht monatóireachta neamhspleách mar is iomchuí i ndáil le comhaltaí an Chóid, an ghairm, tionscal nó earnáil ina bhfuil feidhm ag an gCód agus i ndáil le húinéir an Chóid féin.

**1.1.2** Cuirfidh comhlacht monatóireachta *inmheánach* faisnéis ar fáil maidir lena cheangal lena eintiteas níos mó (úinéir an Chóid mar shampla) agus cuirfidh sé fianaise ar fáil

maidir lena neamhspleáchas ar aon eintiteas níos mó a bhfuil sé ina chuid de nó a bhfuil baint aige leis.

**SAMPLAÍ:** D'fhéadfaí é sin a léiriú trí bhacainní faisnéise idir an comhlacht monatóireachta agus a eintiteas níos nó/úinéir an Chóid, struchtúir tuairiscithe ar leith, feidhmeanna bainistithe oibríochta nó pearsanra ar leith, agus/nó trí lógónna nó ainmneacha difriúla a úsáid, de réir mar is cuí. Ba chóir go mbeadh an fhianaise leordhóthanach chun léiriú a thabhairt go bhfuil an comhlacht monatóireachta in ann gníomhú saor ó orduithe agus go bhfuil sé cosanta ar smachtbhannaí nó cur isteach de chineál ar bith mar thoradh ar a chúram a chomhlíonadh.

**1.1.3** Coinneoidh an comhlacht monatóireachta an t-údarás agus an fhreagracht agus gníomhóidh sé go neamhspleách maidir lena gníomhaíochtaí monatóireachta a roghnú agus a chur i bhfeidhm, smachtbhannaí san áireamh.

**1.1.4** Beidh an comhlacht monatóireachta in ann léiriú a thabhairt go bhfuil aon phearsanra agus/nó coistí a bhfuil baint acu le cinnteoireacht saor ó aon bhrúnna tráchtála, airgeadais nó brúnna eile a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a gcuid cinntí, agus gur féidir leo gníomhú go neamhspleách, go háirithe i ndáil le:

- a) acmhainní agus cúrsaí airgid an chomhlachta monatóireachta a mhaoirsiú;
- b) cinntí i leith monatóireacht ar chomhlíonadh agus monatóireacht ar chomhlíonadh a chur i bhfeidhm; agus
- c) neamhchlaontacht an chomhlachta mmonatóireachta a chosaint.

**SAMPLAÍ:** D'fhéadfaí an méid thuas (1.1.3-1.1.4) a léiriú trí rialacha fhoirmiúla a bheith ann i ndáil le socruithe ceapacháin, socruithe íocaíochta, sainorduithe pearsanra nó coistí nó téarmaí tagartha, nó trí dhoiciméid eile maidir le cumhachtaí, cearta vótála agus feidhmiú pearsanra agus/nó coistí a d'fhéadfadh a bheith i mbun cinnteoireachta laistigh den comhlacht monatóireachta.

## 1.2 Buiséad agus Acmhainní

**1.2.1** Beidh an comhlacht monatóireachta in ann a léiriú ar bhonn leanúnach go bhfuil an chobhsaíocht airgeadais agus acmhainní ann d'fhonn a ghníomhaíochtaí

**SAMPLAÍ:** D'fhéadfaí é sin a léiriú trí dhoiciméid maidir le foinsí ioncaim, ioncam agus speansais roimhe seo nó réamh-mheasta, agus sonraí maidir le sócmhainní nó dliteanais ábhartha.

mmonatóireachta a chur i gcrích go seasta.



**1.2.2** Beidh an comhlacht monatóireachta in ann a bhuiséad agus acmhainní a bhainistiú go neamhspleách agus monatóireacht éifeachtach a dhéanamh ar chomhlíonadh gan tionchar ar bith ó úinéir an Chóid nó comhaltaí Cóid.

**1.2.3** Beidh an comhlacht monatóireachta in ann an bealach ina bhfaigheann sé tacaíocht airgeadais dá ról monatóireachta a chur in iúl don DPC agus léiriú a thabhairt nach gcuireann sé sin as dá neamhspleáchas.

**SAMPLAÍ:** D'fhéadfaí an méid thuas (1.2.2-1.2.3) a léiriú trí rialacha nó nósanna imeachta maidir le maoiniú, ar nós trí ranníocaíochtaí airgeadais ó chomhaltaí Cóid, agus trí choimircí atá i bhfeidhm lena chinntiú nach féidir brú míchuí a chur ar an gcomhlacht monatóireachta trí riosca nó bagairt a bheith ann go ndéanfaí an maoiniú a chúlghairm, go háirithe i gcás comhalta Cóid atá faoi imscrúdú nó smachtbhanna.

**1.2.4** Beidh acmhainní agus líon foirne leordhóthanach ag an gcomhlacht monatóireachta d'fhonn a chuid cúram a chur i gcrích go héifeachtach. Go háirithe, beidh acmhainní comhréireacha agus leordhóthanacha agus líon pearsanra atá cáilithe a ndóthain ag an gcomhlacht monatóireachta d'fhonn a fheidhm mhonatóireachta a chur i gcrích, agus na gníomhaíochtaí earnála agus próiseála a chlúdaítear faoin gCód á dtabhairt san áireamh.

**SAMPLAÍ:** Maidir le fianaise ar phearsanra a bheith cáilithe a ndóthain, d'fhéadfadh sonraí maidir le taithí agus cáilíochtaí dlí, teicniúla agus/nó riaracháin a bheith i gceist, de réir mar is iomchuí i gcomhthéacs an Chóid, go háirithe cineál na gcáilíochtaí, cé chomh nua atá siad, agus aon oibleagáidí i ndáil le forbairt ghairmiúil leanúnach.

Maidir le leordhóthanacht acmhainní agus pearsanra an chomhlachta monatóireachta a léiriú, d'fhéadfaí fianaise a chur ar fáil maidir le líon agus méad ionchais na gcomhaltaí Cóid, mar aon leis an gcastacht nó méid riosca a bhaineann leis na hoibríochtaí próiseála sonraí atá i gceist.

**1.2.5** I gcás ina n-úsáideann comhlacht monatóireachta fochonraitheoirí, cinnteoidh sé go bhfuil ráthaíochta leordhóthanacha i bhfeidhm maidir le heolas, iontaofacht agus acmhainní an fhochonraitheora agus go mbaineann na oibleagáidí atá ar an gcomhlacht monatóireachta leis an bhfochonraitheoir ar an mbealach céanna. Ní chuirtear deireadh le freagracht an chomhlachta mhonatóireachta trí fhochonraitheoirí a úsáid, ar a bhfuil freagracht ar deireadh thiar i ndáil lena oibleagáidí a chomhlíonadh mar chomhlacht monatóireachta, d'ainneoin freagracht agus oibleagáidí an fhochonraitheora.

**1.2.6** I gcás ina n-úsáideann comhlacht monatóireachta fochonraitheoirí, cinnteoidh sé go ndéanfar monatóireacht éifeachtach ar na seirbhísí a chuireann an t-eintiteas conarthach ar fáil.

**SAMPLAÍ:** D'fhéadfaí an méid thuas (1.2.5-1.2.6) a léiriú trí (a) chonarthaí nó comhaontuithe i scríbhinn a bheith ann ina leagtar amach freagrachtaí, mar aon le hoibleagáidí i ndáil le rúndacht agus cosaint sonraí; (b) nósanna imeachta soiléire a bheith ann maidir le fochonraitheoireacht, lena n-áirítear na cúinsí inar féidir tabhairt fúithi sin, na próisis fhorhmeasa, agus monatóireacht a dhéanamh ar fhochonraitheoirí; nó (c) nósanna imeachta

doiciméadaithe a bheith ann chun neamhspleáchas, saineolas agus easpa coinbhleachtaí leasa a dhearbhu maidir le fochonraitheoirí.

## 1.3 Cuntasacht

**1.3.1** Beidh an comhlacht monatóireachta in ann a léiriú go bhfuil sé cuntasach i ndáil lena cinní agus bearta.

**SAMPLAÍ:** D'fhéadfaí é sin a léiriú, mar shampla, trí chreat a leagan amach dá róil agus nósanna imeachta tuairiscithe agus dá phróiseas cinnteoireachta d'fhonn neamhspleáchas a chinntiú. D'fhéadfadh sainchuntais poist, tuarascálacha bainistíochta agus beartais a bheith i gceist leis an bhfianaise sin, ach gan a bheith teoranta dóibh sin, d'fhonn feasacht a mhéadú i measc an phearsanra faoi na struchtúir rialachais agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm (e.g. oiliúint).

**1.3.2** Ní bheidh cinneadh ar bith a dhéanann an comhlacht monatóireachta i ndáil lena fheidhmeanna faoi réir formheasa ag eagraíocht ar bith eile, úinéir an Chóid san áireamh.

## 2. Coinbhleachtaí Leasa

### Nóta Mínithe

Éilítear faoi Airteagal 41(2)(d) GDPR nach mór do chomhlacht monatóireachta 'a léiriú chun sástachta an údaráis inniúil mhaoirseachta nach ngabhann coinbhleachtaí leasa leis na cúraimí ná leis na dualgais atá air'.

Ní mór d'úinéirí Cóid a léiriú go staonfaidh an comhlacht monatóireachta molta ó aon ghníomh atá neamh-chomhoiriúnach i ndáil leis na cúraimí agus na dualgais atá air agus go gcuirfear coimircí i bhfeidhm lena chinntiú nach dtabharfaidh sé faoi ghníomhaíochtaí neamh-chomhoiriúnacha. Ar an dóigh chéanna, ní mór don chomhlacht monatóireachta a bheith saor ó thionchar seachtrach, bíodh sé ina thionchar díreach nó indíreach, a d'fhéadfadh a bheith ina choinbhleacht leasa nó a bhféadfadh coinbhleachta leasa a bheith mar thoradh air. Tá dlúthbhaint ag na ceanglais seo leis na ceanglais thuas maidir le 'Neamhspleáchas'.

D'fhéadfadh riosca maidir le neamhchlaontacht nó coinbhleachtaí leasa teacht chun cinn i ndáil le húinéireacht, rialachas, bainistíocht, soláthar foirne, acmhainní comhroinnte cúrsaí airgid, conarthaí, seachfhoinsiú, oiliúint, margaíocht, nó ról ionadaíoch do mháthaireintiteas do chomhlachtaí monatóireachta inmheánacha.

### Ceanglais:

**2.1** Ní chuirfidh an comhlacht monatóireachta seirbhísí ar bith ar fáil do chomhaltaí Cóid ná d'úinéir an Chóid ná ní rachaidh sé i mbun gníomhaíochtaí eile ar bith vis-à-vis comhaltaí Cóid ná úinéir an Chóid a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dá neamhchlaontacht nó a d'fhéadfadh coinbhleacht leasa bheith mar thoradh air, agus ní mór dó bheith in ann léiriú a thabhairt ar mar a rinne sé bainistiú ar a ghníomhaíochtaí d'fhonn aon fhoinsí de choinbhleachtaí leasa dáiríre nó coinbhleachtaí leasa féideartha a thiocthadh chun cinn mar thoradh ar sheirbhís nó gníomhaíochtaí dá leithéid a laghdú.

**SAMPLAÍ:** D'fhéadfaí é sin a léiriú trí mheasúnú a dhéanamh ar choinbhleachtaí féideartha nó rioscaí i ndáil le neamhchlaontacht i gcomhthéacs na seirbhísí a chuirtear ar fáil, agus ar mar a rinneadh iad sin a ghrádú nó a laghdú. Tá cásanna áirithe ann nach mbeadh coinbhleacht leasa i gceist leo, go háirithe cásanna atá ábhartha do chomhlachtaí monatóireachta inmheánacha. D'fhéadfaí a bheith i gceist leo sin, i measc nithe eile, seirbhísí, atá ina seirbhísí riarachán amháin nó ina ghníomhaíochtaí cúnaimh eagraíochta nó tacaíochta, nuair nach bhfuil aon tionchar acu ar neamhchlaontacht an chomhlachta monatóireachta.

**2.2** Beidh próiseas ag an gcomhlacht monatóireachta chun aon rioscaí i ndáil le neamhchlaontacht nó coinbhleachtaí leasa a thiocthadh chun cinn mar gheall ar na gníomhaíochtaí a aithint, a anailísiú, a mheas, a chóireáil, a mhonatóiriú agus a dhoiciméadú ar bhonn leanúnach. Gabhfaidh an comhlacht monatóireachta air féin cloí leis na ceanglais sin agus aon chás ina bhféadfadh coinbhleacht leasa teacht chun cinn a thuairisciú.

**SAMPLAÍ:** D'fhéadfaí é sin a léiriú trí mheasúnú doiciméadaithe agus córasach a dhéanamh ar rioscaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist i ndáil le neamhchlaontacht agus coinbhleacht leasa, agus faoi mar a rinneadh iad a laghdú nó a dhíothú, mar aon le

nósanna imeachta agus oiliúint a chur ar fáil don phearsanra lena chinntiú go ndéantar coinbhleachtaí a bhrath agus a thuairisciú.

**2.3** Déanfaidh an comhlacht monatóireachta a phearsanra féin a roghnú nó a threorú agus a bhainistiú (nó pearsanra a fháil ó chomhlacht atá neamhspleách ar an gCód, úinéir nó comhaltaí an Chóid).

**SAMPLAÍ:** D'fhéadfaí é seo a léiriú trí shainchuntais poist, taifid phearsanra, sonraí maidir leis an bpróiseas earcaíochta, leithdháiltí acmhainní pearsanra, agus socruithe bainistíochta líne. D'fhéadfadh cuideachta sheachtrach neamhspleách a chuireann seirbhísí earcaíochta agus acmhainní daonna ar fáil a bheith i gceist le comhlacht atá neamhspleách ar an gCód.

**2.4** Cinnteoidh an comhlacht monatóireachta nach ndéanann sé treoracha a lorg ná a ghlacadh ó dhuine, eagraíocht nó cumann ar bith maidir lena fheidhmeanna monatóireachta a chur i gcrích agus beidh sé saor ó thionchar seachtrach i gcónaí.

**2.5** Beidh an comhlacht monatóireachta faoi chosaint ar smachtbhannaí nó ar chur isteach ó úinéir an Chóid, ó chomhlachtaí ábhartha eile nó ó chomhaltaí an Chóid.

### 3. Saineolas

#### Nóta Míithe

Éilítear faoi Airteagal 41(2)(a) GDPR nach mór do chomhlacht monatóireachta 'a neamhspleáchas agusaineolas a chur in iúl chun sástacht an údaráis inniúil mhaoirseachta i ndáil le hábhar an chóid'.

Is é an aidhm atá leis na ceanglais thíos ná a chinntiú go bhfuil inniúlachtaí agusaineolas leordhóthanach ag an gcomhlacht monatóireachta chun tabhairt faoi mhonatóireacht éifeachtach a dhéanamh ar an gCód, trí shonraí a chur ar fáil maidir leis an eolas agus taithí atá ag an gcomhlacht i ndáil leis an dlí um chosaint sonraí agus faoin earnáil nó gníomhaíocht phróiseála ar leith a chlúdaítear faoin gCód.

Sainmhíneofar ceanglais saineolais níos mionsonraithe sa Chód ábhartha féin. Beidh ceanglais a bhainfidh go sonrach leis an gCód ag brath ar ghnéithe ar nós; méid na hearnála atá i gceist, na leasanna éagsúla atá i gceist, agus na rioscaí a bhaineann leis na gníomhaíochtaí próiseála. Déanfar na ceanglais seo a bhaineann go sonrach leis an gCód a bhreithniú mar chuid den chreidiúnú.

#### Ceanglais:

**3.1** Beidh leibhéal cuí taithí agus saineolais ag an gcomhlacht monatóireachta i gcosaint sonraí maidir leis na saincheistanna agus gníomhaíochtaí próiseála atá mar ábhar faoin gCód, ag glacadh san áireamh go háirithe na hoibríochtaí próiseála atá i gceist.

**SAMPLAÍ:** D'fhéadfaí é seo a léiriú trí thaithí i gcosaint sonraí agus/nó comhlíonadh oibleagáidí maidir le cosaint sonraí a mhonatóiriú agus a chur chun cinn, agus taithí, oiliúint, agus cáilíochtaí ábhartha phearsanra sa chomhlacht monatóireachta.

**3.2** Beidh tuiscint, eolas agus taithí mhór ag an gcomhlacht monatóireachta i ndáil le gníomhaíochtaí ar leith eárnála agus/nó próiseála sonraí atá mar ábhar faoin gCód.

**SAMPLAÍ:** D'fhéadfaí é seo a léiriú trí obair roimhe seo, tuarascálacha foilsithe, nó stádas mar chomhlacht caighdeán gairmiúil a bhfuil taithí aige, coiste inmheánach, cumann trádála, grúpa sainleasa, cónaidhm, comhlachas, comhlacht iniúcháireachta nó eintiteas cosúil.

**3.3** Léireoidh an comhlacht monatóireachta go bhfuil saineolas cuí agus taithí oibríochtúil, oiliúint agus cáilíochtaí i gcosaint sonraí ag a phearsanra ábhartha.

**SAMPLAÍ:** D'fhéadfaí é seo a léiriú trí thaithí roimhe seo san iniúcháireacht, comhlíonadh, ráthú caighdeáin, agus monatóireacht, mar aon leis an leibhéal taithí, oiliúna, agus cáilíochtaí (lena n-áirítear iad sin a theastaíonn ag an gcéim earcaíochta) atá ag phearsanra ábhartha (amhail iad sin atá páirteach i monatóireacht, iniúchtaí, nó cinnteoireacht), mar aon le sonraí faoi aon oiliúint atá curtha i gcrích, éascaithe nó beartaithe.

**3.4** Bainfidh an comhlacht monatóireachta aon cheanglais bhreise ar leith amach i ndáil le saineolas a thiochfaidh chun cinn as an gCód féin nó as ábhar an Chóid, nuair is infheidhme, go háirithe i ndáil le saineolas a theastaíonn chun monatóireacht éifeachtach

a dhéanamh i gcomhthéacs na hearnála agus/nó na ngníomhaíochtaí próiseála a chlúdaítear faoin gCód.

## 4. Nósanna Imeachta agus Struchtúir Bhunaithe

### Nóta Mínithe

Éilítear faoi 41(2)(b) GDPR nach mór do chomhlacht monatóireachta 'nósanna imeachta a bheith bunaithe aige a chuirfeadh ar a chumas incháilitheacht na rialaitheoirí agus na bpróiseálaithe lena mbaineann a mheas chun an cód a chur i bhfeidhm, faireachán a dhéanamh ar a mhéid atá forálacha an chóid á gcomhlíonadh acu agus athbhreithniú a dhéanamh go tráthrialta ar fheidhmiú an chóid'.

Tá sé mar aim leis na ceanglais seo a chinntiú go bhfuil nós imeachta cuimsitheach um measúnú ag comhlachtaí monatóireachta a dhéanann measúnú cuí ar incháilitheacht rialaitheoirí agus próiseálaithe chun clárú leis an gCód agus cloí leis. Ba chóir a chinntiú freisin faoin nós imeachta cuimsitheach um measúnú gur féidir leis na rialaitheoirí agus próiseálaithe forálacha an Chóid a bhaint amach.

Chomh maith leis sin, ba chóir do chomhlachtaí monatóireachta nósanna imeachta agus struchtúir a bheith i bhfeidhm acu ionas gur féidir leo monatóireacht éifeachtach a dhéanamh ar go bhfuil comhaltaí ag comhlíonadh an Chóid ag ar bhonn leanúnach, agus athbhreithnithe tréimhsiúla a chur i gcrích maidir le feidhmiú an chóid. Ba chóir do chomhlachtaí monatóireachta breithniú a dhéanamh ar thuarascálacha iniúchóireachta a fhoilsiú, mar aon le torthaí ó thuairisciú tréimhsiúil a foilsiú arna chur i gcrích ag rialaitheoirí agus próiseálaithe laistigh de raon an Chóid.

Beidh an t-amlíne oiriúnach do ghníomhaíochtaí athbhreithnithe agus monatóireachta 'tréimhsiúla' ag brath ar ghnéithe ar nós cineál an Chóid, na gníomhaíochtaí próiseála, agus an comhalta/na comhaltaí Cód atá i gceist, agus ba chóir é a bheith oiriúnach mar gheall ar an gcastacht agus na rioscaí atá i gceist. Maidir le nósanna imeachta chun athbhreithniú *ad hoc* a chur ar siúl ar ghníomhaíochtaí monatóireachta, ní mór cúinsí an Chóid a chur san áireamh agus ní mór do na nósanna imeachta a bheith oiriúnach i ndáil leis an gcastacht agus na rioscaí atá i gceist.

### Ceanglais:

**4.1** Beidh an comhlacht monatóireachta in ann a léiriú go bhfuil nós imeachta aige chun incháilitheacht comhaltaí ionchasacha a mheas chun cloí leis an gCód, agus go bhfuil siad in ann forálacha an Chóid a chomhlíonadh.

**SAMPLAÍ:** D'fhéadfaí é seo a léiriú trí nósanna imeachta agus ceanglais i ndáil le hiarratais agus measúnuithe ar chomhaltaí maidir le teacht isteach ar an gCód, lena n-áirítear, measúnú a dhéanamh cibé an bhfuil na sonraí pearsanta a phróiseálann comhalta ionchais ag teacht faoi raon an Chóid ábhartha agus cibé an bhfuil a gcuid oibríochtaí reatha ag comhlíonadh ceanglais an Chóid.

**4.2** Beidh nósanna imeachta bunaithe ag an gcomhlacht monatóireachta chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh comhaltaí Cód leis an gCód, agus ceisteanna á dtabhairt san áireamh ar nós an castacht agus na rioscaí atá i gceist san earnáil agus gníomhaíochtaí próiseála atá mar ábhar faoin gCód, líon na gcomhaltaí Cód, an raon earnála nó geografach, agus líon agus cineál na ngearán a láimhseáiltear.

**4.3** Beidh nósanna imeachta bunaithe ag an gcomhlacht monatóireachta chun athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar fheidhmiú an Chóid, lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar aon nuashonruithe atá ag teastáil i leith ábhar an Chóid, nó ar shocruithe maidir le comhaltas sa Chód, agus ceisteanna á dtabhairt san áireamh ar nós an castacht agus na rioscaí atá i gceist san earnáil agus gníomhaíochtaí próiseála atá mar ábhar faoin gCód, líon na gcomhaltaí Coid, an raon earnála nó geografach, agus líon agus cineál na ngearán a láimhseáiltear.

**SAMPLAÍ:** D'fhéadfaí an méid thuas (4.2-4.3) a léiriú trí nósanna imeachta agus struchtúir ar nós iniúchóireachtaí randamacha nó gan fógra roimh ré, cigireachtaí bliantúla, tuairisciú rialta, agus úsáid a bhaint as ceistneoirí, mar aon le meicníochtaí aiseolais agus athbhreithnithe don Chód féin.

**4.4** Beidh nósanna imeachta iniúchóireachta nó athbhreithnithe bunaithe ag an gcomhlacht monatóireachta ina sainmhínítear na critéir a bhfuil measúnú le déanamh orthu, an cineál measúnaithe atá le húsáid, agus nós imeachta chun na torthaí a dhoiciméadú, agus a chinntiú go bhfuil na nósanna imeachta agus struchtúir sin trédhearcach d'ábhair sonraí agus don phobal.

**SAMPLAÍ:** D'fhéadfaí é seo a léiriú trí nósanna imeachta i scríbhinn maidir le hiniúchóireachtaí, cigireachtaí, tuairisciú, etc., mar aon le sonraí faoi mar a chuirtear iad sin ar fáil do chomhaltaí Coid, d'ábhair sonraí a mbaineann sé leo, agus do dhaoine den phobal.

**4.5** Beidh nósanna imeachta léirithe ag an gcomhlacht monatóireachta chun sárúithe sa Chód ag comhaltaí Coid a imscrúdú, a aithint agus a bhainistiú mar aon le rialuithe breise lena chinntiú go ngníomhaítear mar is cuí chun sárúithe dá leithéid a réiteach de réir mar a leagtar amach sa Chód ábhartha

**SAMPLAÍ:** D'fhéadfaí é seo a léiriú trí nósanna imeachta a bheith ag an gcomhlacht monatóireachta chun bearta ceartaitheacha a chur i bhfeidhm ar nós an Comhalta a chur ar fionraí nó a eisiamh ón gCód.

**4.6** Beidh an comhlacht monatóireachta freagrach as an bhfaisnéis ar fad a fhaightear nó a chruthaítear le linn an phróisis mhonatóireachta a bhainistiú. Cinnteoidh an comhlacht monatóireachta go gcoinneoidh pearsanra an fhaisnéis ar fad a fhaightear nó a chruthaítear le linn a gcuid cúram a chur i gcrích faoi rún seachas sa chás go n-éilítear orthu í a nochtadh nó sa chás go bhfuil siad díolmhaithe faoin dlí.



## 5. Nós Imeachta Monatóireachta Trédhearcach

### Nóta Mínithe

Éilítear faoi Airteagal 41(2)(c) GDPR nach mór do chomhlacht monatóireachta 'nósanna imeachta agus struchtúir bunaithe a bheith aige chun gearáin a láimhseáil maidir le sárúithe ar an gcód nó maidir leis an mbealach ar chuir an rialaitheoir nó an próiseálaí an cód i bhfeidhm nó maidir leis an mbealach a bhfuil sé á chur i bhfeidhm acu, agus na nósanna imeachta sin agus na struchtúir sin a chur in iúl ar bhealach trédhearcach do na hábhair sonraí agus don phobal'.

Is é an aidhm atá leis an gceanglas sin a chinntiú go bhfuil próiseas ag comhlacht monatóireachta chun gearáin a láimhseáil atá inrochtana ag an bpobal agus a bhfuil a dhóthain acmhainní aige mar aon le struchtúir chun déileáil le gearáin a láimhseáil ar bhealach neamhchlaonta agus trédhearcach lena chinntiú go gcuirtear cinní an chomhlachta ar fáil don phobal. Tá sé mar aidhm leis an gceanglas seo freisin a chinntiú go ndéantar faisnéis ábhartha maidir le gníomhaíochtaí monatóireachta eile de chuid an chomhlachta monatóireachta (seachas cinní foirmiúla maidir le fionraí nó eisiámh) a chur ar fáil.

### Ceanglais:

#### 5.1 Monatóireacht a dhéanamh ar Chomhaltaí Cóid agus Gearáin ina leith

**5.1.1** Beidh nós imeachta i bhfeidhm ag an gcomhlacht monatóireachta freisin lena chinntiú go bhfuil an Cód féin ar fáil don phobal.

**5.1.2** Beidh creat soiléir ag an gcomhlacht monatóireachta do phróiseas chun gearáin a láimhseáil atá ar fáil don phobal, inrochtana agus éasca a thuiscint maidir le gearáin in aghaidh comhaltaí Cóid.

**SAMPLAÍ:** D'fhéadfaí é seo a léiriú trí phróiseas bunaithe chun gearáin a fháil, a mheas, a rianú, a thaifeadadh agus a réiteach, a ndéanfaí a leagan amach i dtreoracha don Chód atá ar fáil don phobal ionas gurbh fhéidir le gearánaí an próiseas gearáin a thuiscint agus a leanúint. D'fhéadfaí a áireamh leis sin sonraí maidir leis an réimse torthaí agus nósanna imeachta méadúcháin atá ann i ndáil le gearáin nó sárúithe de leibhéal géire éagsúla.

**5.1.3** Admhóidh an comhlacht monatóireachta go bhfuarthas gearán gan mhoill mhíchúí agus cuirfidh sé tuarascáil ar dhul chun cinn nó toradh deiridh ar fáil don ghearánaí maidir lena ghearán laistigh de thréimhse ama réasúnach agus laistigh de 3 mhí ó fuarthas an gearán ar a dhéanaí.

**5.1.4** Beidh bearta ceartaitheacha oiriúnacha ar fáil don chomhlacht monatóireachta a shocrófar sa Chód, i gcásanna ina sáraíonn comhalta Cóid an Cód, chun stop a chur leis an sárú agus é a sheachaint arís sa todhcháí.

**SAMPLAÍ:** D'fhéadfaí é seo a léiriú trí shonraí maidir le bearta ceartaitheacha atá ar fáil mar oiliúint, foláireamh a eisiúint, comhalta den bhord a thuirisciú, fógra foirmiúil a eisiúint ina n-éilítear gníomh feabhais, fionraí sealadach nó eisiámh cinnititheach ón

gCód, mar aon le sonraí faoi mar is féidir iad sin a chur i bhfeidhm agus a fhorghníomhú in aghaidh comhaltaí Cóid.

**5.1.5** Beidh próiseas oiriúnach ag an gcomhlacht monatóireachta chun fógra a thabhairt don DPC gan mhoill mhíchuí maidir le bearta ceartaitheacha ar bith a dhéantar agus údar a thabhairt le cinneadh ina ndéantar comhalta Coid a chur ar fionraí nó a eisiamh mar gheall ar an gCód a shárú.

**5.1.6** Beidh nós imeachta doiciméadaithe ag an gcomhlacht monatóireachta chun taifead a choinneáil ar na gearáin agus bearta ar fad, agus is féidir leis an DPC iad a mheas am ar bith.

**5.1.7** Beidh nós imeachta doiciméadaithe ag an gcomhlacht monatóireachta chun faisnéis atá ar fáil go poiblí a chur ar fáil go tráthrialta i gcomhréir leis an gCód agus an nós imeachta chun gearáin a láimhseáil maidir lena ghníomhaíocht mhonatóireachta, ina mbeidh ar a laghad faisnéis maidir le smachtbhanna ar bith atá ina chionsiocair le comhaltaí Coid a bheith á gcur ar fionraí nó á n-eisiamh ón gCód.

**SAMPLAÍ:** D'fhéadfaí é seo a léiriú trí nós imeachta léirithe i leith staitisticí agus/nó seirbhísí iniúchóireachta, gearáin a fuarthas, cineálacha sárúithe, agus cumhachtaí ceartaitheacha feidhmeacha, agus/nó sonraí foilsithe nó achoimrí ar bhearta a rinneadh, nó faisnéis ábhartha a chur san áireamh i dtuarascáil bhliantúil phoiblí.

## 5.2 Gearáin maidir leis an gComhlacht Monatóireachta

**5.2.1** Beidh creat soiléir ag an gcomhlacht monatóireachta do phróiseas chun gearáin a láimhseáil atá ar fáil don phobal, inrochtana agus éasca a thuiscint maidir le gearáin a dhéantar ina aghaidh, lena n-áirítear achomhairc a dhéantar i ndáil lena chinntí.

**SAMPLAÍ:** D'fhéadfaí é seo a léiriú trí phróiseas bunaithe chun gearáin nó achomhairc a fháil, a mheas, a rianú, agus a réiteach a bheadh leagtha amach sa treo don Chód atá ar fáil don phobal ionas gur féidir le gearánaí an próiseas a thuiscint agus a leanúint.

**5.2.2** Beidh ar a laghad an méid seo a leanas i gceist leis an bpróiseas chun gearáin a dhéanamh in aghaidh an chomhlachta mhonatóireachta nó achomhairc a dhéanamh ina aghaidh a chinntí:

- a) cur síos ar an bpróiseas maidir leis an ngearán nó achomhairc a fháil, a dhearbhu nó a imscrúdú agus cinneadh a dhéanamh ar na bearta atá le déanamh ina leith;
- b) gearáin agus achomhairc a thairfeadh agus a rianú, lena n-áirítear bearta a dhéantar chun iad a réiteach; agus
- c) a chinntiú go ndéantar aon bheart cuí in am trátha.

**5.2.3** Admhóidh an comhlacht monatóireachta go bhfuarthas gearán gan mhoill mhíchuí agus cuirfidh sé tuarascáil ar dhul chun cinn nó toradh deiridh ar fáil don ghearánaí maidir lena ghearán laistigh de thréimhse ama réasúnach agus laistigh de 3 mhí ó fuarthas an gearán ar a dhéanaí.

**5.2.4** Tabharfaidh an comhlacht monatóireachta cúnamh i ndáil le gearáin a dhéantar faoin gcomhlacht monatóireachta don DPC a imscrúdú agus a réiteach.

## 6. Cumarsáid leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí

### Nóta Mínithe

Maidir le creat a mholtar do chomhlacht monatóireachta ar bith, ní mór cumarsáid éifeachtach chuig an DPC a chur san áireamh maidir leis an ngníomhaíocht mhonatóireachta a chuireann an comhlacht monatóireachta i gcrích i ndáil leis an gCód a chomhlíonadh. D'fhéadfaí a áireamh leis sin cinntí a bhaineann le bearta a rinneadh i gcásanna inar sháraigh comhalta Coid an Coid, tuairiscí tréimhsiúla a chur ar fáil faoin gcód, nó torthaí ó athbhreithnithe nó iniúcháireachtaí maidir leis an gcód a chur ar fáil.

Chomh maith leis sin, beidh ar an gcomhlacht monatóireachta molta nós imeachta a chur i bhfeidhm d'fhonn an DPC a chur ar an eolas faoi aon athruithe suntasacha ina dhálaí a d'fhéadfadh cur isteach ar a chumas a ról chun monatóireacht a dhéanamh ar an gCód a chur i gcrích. Bheadh athruithe suntasacha i ndálaí an chomhlachta mhonatóireachta ina gcionsiocair le hathbhreithniú a chur i gcrích agus d'fhéadfadh an DPC creidiúnú a chúlghairm dá bharr sin.

Ba chóir an rialtacht agus an leibhéal sonraí cuí a bhainfidh le cumarsáidí leis an DPC a bheith comhréireach le cineál agus tromchúis na saincheisteanna atá ann. Déanfar saincheisteanna níos suntasaí a chur in iúl go réamhghníomhach agus ar bhonn *ad hoc* nó ar bhonn rialta, agus déanfar gníomhaíocht mhonatóireachta ghinearálta a chur in iúl trí bhíthin achoimrí i dtuairisciú tréimhsiúil (ar nós tuarascáil bhliantúil um monatóireacht, nó achoimrí níos rialta nó tuairisciú stádais). Ní bheidh sé riachtanach gach gníomh monatóireachta ar leith a dhéanann an comhlacht monatóireachta a chur in iúl don DPC.

### Ceanglais:

**6.1** Beidh creat soiléir ag an gcomhlacht monatóireachta i ndáil le comhalta Coid ar bith a chur ar fionraí nó a eisiáimh ón gCód a thuairisciú chuig an DPC. Éileofar ar an gcomhlacht monatóireachta an méid seo a leanas a dhéanamh ar a laghad faoin creat tuairiscithe seo:

- a) an DPC a chur ar an eolas i scríbhinn gan mhoill mhíchuí maidir le comhalta Coid a chur ar fionraí nó a eisiáimh, agus cúiseanna a chur ar fáil i leith an chinnidh;
- b) faisnéis leordhóthanach a chur ar fáil ina leagtar amach na sonraí a bhaineann leis an sárú agus na bearta a rinneadh; agus

- c) fianaise a chur ar fáil go bhfuil gníomh déanta aige i gcomhréir leis an bpróiseas fionraithe nó eisiata de réir mar atá leagtha amach sa Chód.

**6.2** Beidh nós imeachta doiciméadaithe ag an gcomhlacht monatóireachta ina dtugtar fógra don chomhalta Cóid lena mbaineann agus don DPC maidir le toradh iniúchadh, athbhreithniú, nó imscrúdú ar bith a dhéantar ar chomhlíonadh chomhalta Cóid leis an gCód nó ar aon athbhreithniú a dhéantar ar eisiámh nó fionraí ón gCód a cuireadh i bhfeidhm roimhe seo le leibhéal sonraí agus rialtacha atá oiriúnach i ndáil leis na cúinsí.

**SAMPLAÍ:** D'fhéadfaí é seo a léiriú trí phróiseas chun iniúchtaí, athbhreithnithe, nó imscrúdú a dhoiciméadú, ar nós tuairiscí ina bhfuil sonraí ar nós dáta an iniúchta, raon an iniúchta, aitheantas an iniúcháí, cinneadh an iniúchta agus cibé ar cuireadh bearta ceartaitheacha i gcrích nó nár cuireadh. Ag brath ar chúinsí, ar nós a thromchúisí atá neamhchomhlíonadh an Chóid a bhfuiltear in amhras faoi nó a aithnítear, d'fhéadfaí faisnéis a chur ar fáil go tráthrialta, in aghaidh na míosa, in aghaidh na ráithe nó i dtuarascálacha bliantúla, de réir mar is cuí. Chomh maith leis sin, ba chóir na doiciméid a bheith ar fáil don DPC ar iad a iarraidh.

**6.3** Beidh nós imeachta doiciméadaithe ag an gcomhlacht monatóireachta chun an DPC a chur ar an eolas faoi aon ghearáin a dhéantar ina aghaidh agus a sheastar leo, lena n-áirítear achomhairc a dhéantar i ndáil lena chinntí, de réir mar a leagtar amach i gceanglas 5.2, le leibhéal sonraí agus rialtacha atá oiriúnach i ndáil leis na cúinsí.

**6.4** Beidh nós imeachta doiciméadaithe ag an gcomhlacht monatóireachta chun an DPC a chur ar an eolas faoi aon athruithe suntasacha i ndálaí, struchtúr, nó próisis an chomhlachta mhonatóireachta le leibhéal sonraí agus rialtacha atá oiriúnach i ndáil leis na cúinsí.

**SAMPLAÍ:** D'fhéadfaí a áireamh le hathruithe suntasacha sa chomhlacht monatóireachta, ach gan a bheith teoranta dóibh, athruithe i ndáil le: a stádas dlí, tráchtála, úinéireachta nó eagraíochta agus príomhphearsanra; acmhainní agus láthair/láithreacha; agus aon athruithe i ndáil leis an mbonn creidiúnaithe.

**6.5** Beidh nós imeachta doiciméadaithe ag an gcomhlacht monatóireachta chun an DPC a chur ar an eolas gan mhoill mhíchuí faoi aon ábhar imní maidir le feidhmiú an Chóid a thagann chun cinn mar gheall ar a ngníomhaíochtaí monatóireachta de bhun na gceanglas 4.1 – 4.3 a d'fhéadfadh a bheith ina chionsiocair le hardriosca do chearta cosanta sonraí ábhar sonraí dá ndéantar difear.

**6.6** Beidh nós imeachta doiciméadaithe ag an gcomhlacht monatóireachta chun tuarascáil bhliantúil um monatóireacht ar fheidhmiú an Chóid a chur ar fáil don DPC, agus d'úinéir an Chóid agus/nó an t-eintiteas a ainmnítear sa Chód. Cuimseoidh an tuarascáil bhliantúil um monatóireacht ar a laghad ráiteas dearbhaithe maidir leis na ceanglais creidiúnaithe seo a chomhlíonadh, achoimre ar ghníomhaíocht mhonatóireachta, mar aon le sonraí maidir le:

- a) comhaltacht an Chóid;
- b) comhaltaí a ghlac comhaltas sa Chód, a cuireadh ar fionraí nó a cuireadh amach as an gCód;
- c) líon na ngearán a fuarthas in aghaidh chomhaltaí an Chóid agus in aghaidh an chomhlachta mhonatóireachta agus na torthaí a bhí orthu sin;
- d) líon agus cineál aon chumhachtaí ceartaitheacha a cuireadh i bhfeidhm;
- e) torthaí ar aon athbhreithniú a rinneadh ar an gCód, i gcomhréir le ceanglas 7 'Meicníochtaí Athbhreithnithe'.

**SAMPLAÍ:** D'fhéadfadh sonraí a bheith sa tuarascáil bhliantúil ar nós líon na n-iniúchtaí, athbhreithnithe, imscrúduithe nó gníomhaíochtaí monatóireachta eile ar tugadh fúthu le linn na bliana, líon agus cineál na ngearán a fuarthas, líon agus cineál na gcumhachtaí ceartaitheacha a cuireadh i bhfeidhm, agus aon saincheistanna oibríochtúla agus moltaí i leith nuashonraithe don Chód a bhí i gceist, mar aon le haon fhaisnéis nó tuairimí eile maidir le feidhmiú an Chóid agus gníomhaíochtaí monatóireachta chomhlacht mhonatóireachta an Chóid.

**6.7** Coinneoidh an comhlacht monatóireachta taifid maidir lena fheidhmeanna monatóireachta a chur i gcrích agus cuirfear iad ar fáil don DPC de réir mar is gá.

## 7. Meicníochtaí Athbhreithnithe

### Nóta Mínithe

Éilítear faoi Airteagal 41(2)(b) GDPR nach mór do chomhlacht monatóireachta 'nósanna imeachta bunaithe a bheith aige a chuirfeadh ar a chumas incháilitheacht na rialaitheoirí agus na bpróiseálaithe lena mbaineann a mheas chun an cód a chur i bhfeidhm, faireachán a dhéanamh ar a mhéid atá forálacha an chóid á gcomhlíonadh acu agus athbhreithniú a dhéanamh go tráthrialta ar fheidhmiú an chóid.

Dá réir sin, tá ról barrthábhachtach ag comhlachtaí monatóireachta cuidiú a thabhairt i ndáil le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gCód i gcomhar le húinéir an Chóid atá freagrach ar deireadh thiar chun an Cód a nuashonrú. Mar thoradh ar athbhreithniú a dhéanamh ar Chód, d'fhéadfadh úinéir an Chóid leasuithe a dhéanamh ar an gCód nó cur leis.

Ní mór meicníochtaí athbhreithnithe a chur i bhfeidhm chun dul in oiriúint d'aon athruithe i ndáil leis an dlí a chur i bhfeidhm nó a léirmhíniú nó i gcás ina bhfuil forbairtí nua teicneolaíochta ar fáil a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar na hoibríochtaí próiseála sonraí ábhartha laistigh de raon an Chóid.

### Ceanglais:

**7.1** Beidh pleananna agus nósanna imeachta doiciméadaithe ag an gcomhlacht monatóireachta chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú an Chóid i gcomhthéacs a

fheidhme chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh, agus an t-aiseolas a roinnt le húinéir an Chóid nó le haon eintiteas ábhartha eile.

**SAMPLAÍ:** D'fhéadfaí é seo a léiriú trí nósanna imeachta doiciméadaithe chun úinéir an Chóid a chur ar an eolas faoi dhúshláin oibríochta maidir le monatóireacht a dhéanamh ar an gCód nó faoi shaincheisteanna i ndáil le comhlíonadh a thugann an comhlacht monatóireachta faoi deara agus a fheidhm mhonatóireachta á cur i gcrích aige.

**7.2** Beidh pleananna agus nósanna imeachta doiciméadaithe ag an gcomhlacht monatóireachta chun cuidiú a thabhairt i ndáil le haon athbhreithniú nó athscrúdú ar an gCód féin a dhéanann úinéir an Chóid lena chinntiú go mbeidh an Cód ábhartha i gcónaí dá chomhaltaí agus go leanfar de chur i bhfeidhm GDPR a chomhlíonadh.

**7.3** Déanfaidh an comhlacht monatóireachta nuashonruithe, leasuithe, agus/nó síntí i ndáil leis an gCód a chur i bhfeidhm de réir mar a chinneann úinéir an Chóid.

## 8. Stádas Dlí

### Nóta Mínithe

D'fhéadfaí an comhlacht monatóireachta a chur ar bun i roinnt bealaí éagsúla, mar chuideachta teoranta, cumainn trádála, grúpa ionadaíochta nó comhlachas, mar shampla. D'fhéadfadh sé a bheith leithleach ó úinéir an Chóid (seachtrach) nó d'fhéadfadh sé bheith mar chuid ar leith nó mar chuid neamhspleách d'úinéir an Chóid (inmheánach). Cibé cruth atá ar an gcomhlacht monatóireachta, ní mór dó acmhainní leordhóthanacha agus acmhainní eile a léiriú chun a chuid dualgas agus freagrachtaí ar leith a chomhlíonadh.

Mar sin, beidh ar an gcomhlacht monatóireachta fianaise a chur ar fáil don DPC maidir lena stádas dlí, lena n-áirítear, i gcás inarb indéanta, ainmneacha na n-úinéirí agus na n-oifigeach ainmnithe freagrach agus, más difriúil, ainmneacha na ndaoine a rialáíonn é. Chomh maith leis sin, agus baint aige leis na ceanglais maidir le neamhspleáchas agus coinbhleachtaí leasa, beidh ar an gcomhlacht monatóireachta a léiriú go bhfuil an struchtúr/na struchtúir agus nósanna imeachta riachtanacha aige d'fhonn a mhaoiniú agus inmharthanacht san fhadtárma a chinntiú.

Níor mhór an comhlacht monatóireachta molta (bíodh sé inmheánach nó seachtrach) agus na struchtúir rialachais a bhaineann leis, a chur le chéile ar bhealach inar féidir leis na húinéirí cóid a léiriú go bhfuil an stádas cuí ag an gcomhlacht monatóireachta chun a ról a chur i gcrích faoi Airteagal 41(4) agus gur féidir fíneáil a ghearradh air de réir Airteagal 83(4)(c) GDPR. Éilítear faoin gceanglas seo an comhlacht monatóireachta a bheith faoi réir fíneáil a ghearradh air, seachas a éileamh ar an gcomhlacht monatóireachta a léiriú go bhfuil a dhóthain airgid aige chun fíneáil dá leithéid a chlúdach. D'fhéadfaí fíneálacha a ghearradh mar gheall ar chomhlacht gan a bheith ag comhlíonadh a fheidhmeanna monatóireachta agus gan beart cuí a dhéanamh nuair a sháraítear ceanglais Cóid. Mar sin féin, níl comhlacht monatóireachta freagrach as comhlíonadh GDPR chomhaltaí Cóid.

### Ceanglais:

**8.1** Beidh an stádas dlí iomchuí ag an gcomhlacht monatóireachta d'fhonn na ceanglais i ndáil le bheith freagrach go hiomlán a bhaint amach ina ról agus d'fhonn a chuid freagrachtaí i ndáil le monatóireacht a chomhlíonadh.

**8.2** Beidh stádas dlí iomchuí ag an gcomhlacht monatóireachta go háirithe, lena chinntiú gur féidir fíneálacha de réir Airteagal 83(4)(c) GDPR a chur i bhfeidhm agus a chomhlíonadh

**SAMPLAÍ:** D'fhéadfaí an méid thuas a léiriú trí ainm cuideachta agus gnó iomlán agus dáta agus áit a chorpraithe, meabhrán agus airteagail chomhlachais, sonraí faoi gheallsealbhóirí agus stiúrthóirí, oifig chláraithe agus uimhir, cairt úinéireachta, sonraí maidir le leasanna in aon eintiteas eile nó caidreamh le haon eintiteas eile.

Ba chóir sonraí a chur ar fáil freisin ar nós fianaise ar chumhachtaí iomchuí dlí agus acmhainní don chomhlacht monatóireachta, rún ábhartha ar bith ag na geallsealbhóirí ábhartha nó ag an mbord stiúrthóirí (nó a chomhionann i gcás cumainn neamhchorpraithe nó cumainn trádála nó a macasamhail), aon chonarthaí ábhartha, fiontair, ceanglais a bhaineann le comhaltas, urrúis, comhaontuithe foirmiúla, téarmaí tagartha agus nósanna imeachta maidir le ceapachán agus cinnteoireacht.

**8.3** Cuirfear faisnéis ar fáil don DPC maidir leis an gcaidreamh dlí, más ann, idir an comhlacht monatóireachta molta agus úinéir an Chóid, mar aon le sonraí faoin mbealach nach gcuireann sé sin isteach ar a fheidhmeanna monatóireachta a chur i gcrích.

**8.4** Beidh eagraíocht ag an gcomhlacht monatóireachta san EEA.





**An Coimisiún um  
Chosaint Sonraí**  
Data Protection  
Commission

**An Coimisiún um Chosaint Sonraí  
21 Cearnóg Mhic Liam, BÁC 2,  
D02 RD28, Éireann**

**Data Protection Commission  
21 Fitzwilliam Square, Dublin 2,  
D02 RD28, Ireland**